**AN CHÁILÍOCHT SA GHAEILGE**
**INSTITIÚID OIDEACHAIS MARINO**
**FÓMHAR, 2024**

# Sleachta Léitheoireachta

## Canúint Uladh

An Cluiche

“Dia duit, a Niamh,” arsa an Príomhoide ag doras na scoile ar maidin. “Chuala mé gur imir na páistí go han-mhaith sa chluiche peile inné.”
“Bhí siad ar dóigh, a Áine,” arsa Niamh. “Ní raibh an aimsir go ró-mhaith ag tús an lae ach ghlan an bháisteach agus tháinig an ghrian amach sular cuireadh tús leis an chluiche. Bhí atmaisféar iontach sa pháirc. Chuir sé sceitimíní ar na páistí bratacha a fheiceáil in achan áit.”
“Agus cén t-am a cuireadh tús leis an chluiche?” a d’fhiafraigh Áine.
“Shéid an réiteoir an fheadóg cúig bhomaite tar éis a haon déag. Rinne na himreoirí ónár scoil a seacht ndícheall ach bhí Foireann Scoil Phádraig níos fearr agus bhí siad dhá phointe chun tosaigh ag leath ama. Ag tús an dara leath scóráil Scoil Phádraig cúl eile agus níor éirigh lenár bhfoireann teacht ar ais faraor!”
“Bhuel! Ná bí buartha faoi,’ a d’fhreagair Áine. “Rinne sibh bhur ndícheall agus beidh lá eile ag an Phaorach!”

## Canúint Chonnacht

Inis Meáin

“Bhí saoire álainn agam le mo chlann ar Inis Meáin an samhradh seo, a Thomáis!” arsa Áine.
“Tá sé sin go hiontach,” a d’fhreagair Tomás. “Ní raibh mé riamh ar Inis Meáin. Cá fhad a chaith sibh ann?”
“Thógamar árasán féinfhreastail ar cíos ar feadh coicíse ag Tús mhí Iúil. Bhí sé go haoibhinn coicís a chaitheamh ag spaisteoireacht ar fud an oileáin. Thógamar rothair ar cíos cúpla lá agus bhain na gasúir taitneamh as a bheith ag rothaíocht timpeall an oileáin. Bhí an áit chomh suaimhneach agus chomh síochánta. Bhí an t-ádh linn leis an aimsir, freisin, bhí sé breá grianmhar ó thús go deireadh na saoire.”
“Bhí an t-ádh libh ceart go leor,” arsa Tomás. “Chuaigh mé Go dtí an Iodáil ag tús mhí Lúnasa agus bhí sé ag cur báistí an t-am go léir! Fanfaidh mé sa bhaile an bhliain seo chugainn agus caithfidh mé na laethanta saoire in áit dheas in Éirinn!”

## Canúint na Mumhan

Cruinniú ag Tuismitheoir le Múinteoir

Chnag Eoin ar dhoras an mhúinteora.
“Tar isteach,” a dúirt an múinteoir.
D’oscail Eoin an doras agus shiúl sé chuig bord an mhúinteora.
“Tá fáilte romhat, a Eoin, is mise múinteoir Niamh. Tá d’iníon, Aisling, i mo rang i mbliana.”
“Tá,” arsa Eoin. “Is breá le hAisling a bheith i Rang a hAon. Conas atá ag éirí léi?”
“Is maith léi an Ghaeilge. An mbíonn sibh ag labhairt as Gaeilge sa bhaile?”
“Bíonn” arsa Eoin. “Is as Gaeltacht Chiarraí domsa ó dhúchas agus úsáideann an chlann go léir an Ghaelainn sa bhaile.”
“Tá sé sin go hiontach! Is léir go bhfuil an-spéis aici sa teanga. Caithfidh mé a rá, áfach, nach bhfuil an spéis chéanna ag Aisling sa spórt!  Déanann sí dearmad ar a héide spóirt uaireanta!”
“Creidim é sin! Bíonn sé deacair go leor í a spreagadh chun páirt a ghlacadh i gcluichí sa bhaile, freisin. Labhróidh mé léi faoi sin níos déanaí.”
“Bheadh sé sin go hiontach. Go raibh míle maith agat, a Eoin!”

**AN CHÁILÍOCHT SA GHAEILGE**
**INSTITIÚID OIDEACHAIS MARINO**
**FÓMHAR, 2024**

# Sleachta Léitheoireachta

## Canúint Uladh

An Cluiche

1. Céard is ainm don Phríomhoide?
2. Conas a bhí an aimsir ag tús an lae?
3. Céard a chuir sceitimíní ar na páistí?
4. Cén t-am a cuireadh tús leis an chluiche?
5. Céard a tharla ag tús an dara leath?

## Canúint Chonnacht

Inis Meáin

1. Cé a chuaigh in éineacht le hÁine go hInis Meáin?
2. An raibh Tomás ar Inis Meáin riamh?
3. Cén lóistín a bhí ag Áine ar Inis Meáin?
4. Conas a bhí an aimsir ar Inis Meáin nuair a bhí Áine ann?
5. Cá gcaithfidh Tomás a laethanta saoire an bhliain seo chugainn?

## Canúint na Mumhan

Cruinniú ag Tuismitheoir le Múinteoir

1. Céard is ainm don mhúinteoir?
2. Cén rang ina bhfuil Aisling i mbliana?
3. Céard as d'Eoin ó dhúchas?
4. Cén teanga a úsáideann clann Eoin sa bhaile?
5. Céard air a ndéanann Aisling dearmad uaireanta?